



## COMHIONANNAS IDIR FIR AGUS MNÁ

Tá an comhionannas idir mná agus fir ar cheann de chuspóirí an Aontais Eorpaigh. De réir a chéile, cuireadh taca leis an bprionsabal sin, agus lena chur chun feidhme san Aontas, a bhuíochas sin le reachtaíocht, cásdlí agus athruithe ar na Conarthaí. Bhí Parlaimint na hEorpa riamh ina cosantóir díograiseach de chuid phrionsabal an chomhionannais idir fir agus mná.

### AN BUNÚS DLÍ

Tá an prionsabal gur cheart go bhfaigheadh fir agus mná pá comhionann ar obair chomhionann cumhdaithe sna Conarthaí Eorpacha ó 1957 (anois: Airteagal 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)). Tugann Airteagal 153 CFAE cead do AE gníomhú i réimse níos leithne an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta, agus laistigh den chreat sin údaraítear le hAirteagal 157 CFAE gníomhaíocht dhearfach a dhéanamh chun mná a chumhachtú. Sa bhreis air sin, forálann Airteagal 19 CFAE do reachtaíocht a ghlacadh chun gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar inscne. Tá reachtaíocht in aghaidh gáinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus leanaí, glactha ar bhonn Airteagail 79 agus 83 CFAE; agus leis an gclár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht, i dteannta clár eile, maoinítear bearta a rannchuidíonn le deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban, bunaithe ar Airteagal 168 CFAE.

### CUSPÓIRÍ

Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar shraith luachanna, lena n-áirítear comhionannas, agus dá bhrí sin déanann sé comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn (Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)). Tá na cuspóirí sin cuimsithe freisin in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Sa bhreis air sin, le hAirteagal 8 CFAE fágtar an cúram ar an Aontas deireadh a chur le neamhionannas, agus comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná ina ghníomhaíochtaí go léir (tugtar 'príomhshruthú inscne' ar an gcoincheap sin freisin). I nDearbhú Uimh. 19 a cuireadh i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na comhdhála idir-rialtasá a ghlac Conradh Liospóin, thug an tAontas agus na Ballstáit gealltanais go ndéanfaidís 'gach cineál foréigin teaghlaigh a chomhrac [...], na gníomhartha coiriúla sin a chosc agus a phionósú agus tacú leis na híospartaigh agus iad a chosaint'.



## A BHFUIL BAINTE AMACH

### A. Príomhreachtaíocht

Áirítear ar reachtaíocht AE, arna glacadh den chuid is mó tríd an ngnáthnós imeachta reachtach:

- Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile;
- Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche;
- Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí;
- In 2006, rinneadh méid áirithe gníomhartha reachtacha a bhí ann roimhe sin a aisghairm agus cuireadh ina n-ionad sin Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006<sup>[1]</sup> maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (athmhúnlú). Sa treoir sin, tugtar sainmhíniú ar idirdhealú díreach agus ar idirdhealú indíreach, ar chiapadh agus ar ghnéaschiapadh. Chomh maith leis sin, déantar fostaithe a spreagadh chun bearta coiscitheacha a ghlacadh ar mhaithe le gnéaschiapadh a chomhrac, atreisiú na pionóis i gcásanna idirdhealaithe, agus déantar foráil maidir le comhlachtaí a chur ar bun laistigh de na Ballstáit ar comhlachtaí iad a bheadh freagrach as an gcóir chomhionann idir mná agus fir a chur chun cinn. I láthair na huaire, tá an Pharlaimint ag iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar na forálacha maidir le pá comhionann sa treoir sin<sup>[2]</sup>, agus tá glactha aici tuarascáil cur chun feidhme bunaithe ar roinnt staidéir éagsúla arna gcoimisiúnú ag Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa (EPRS);
- Treoir 2010/18/AE ón gComhairle an 8 Márta 2010 lena gcuirtear chun feidhme an Creat-Chomhaontú athbhreithnithe maidir le saoire do thuismitheoirí arna thabhairt i gcrích ag an gComhlachas Eorpach um Ghnóthais Cheardaíochta agus um Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (UEAPME), Lárionad Eorpach na bhFostóirí agus na bhFiontar a sholáthraíonn Seirbhísí Poiblí (CEEP) agus Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC), agus lena n-aisghairtear Treoir 96/34/CE;

---

[1]Leis an treoir athmhúnlaithe, déantar Treoir 76/207/CEE a aisghairm freisin, ar treoir í a leasaíodh le Treoir 2002/73/CE.

[2]Féach rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Bealtaine 2012 le moltaí don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail go bhfuil pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach ag dul d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe bainearna (IO C 264E, 13.9.2013, Ith. 75).



- Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle;
- Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle. Leis an treoir sin, foráiltear do chomhfhogasú na smachtbhannaí do gháinneáil ar dhaoine ar fud na mBallstát agus do chomhfhogasú na mbeart tacaíochta do na híospartaigh, agus iarrtar ar na Ballstáit ‘smaoineamh ar bhearta a dhéanamh chun cion coiriúil a dhéanamh d’úsáid seirbhísí a bhfuil dúshaothrú mar chuspóir acu [...] agus a fhios acu gur íospartach [gáinneála] an duine sin’ ionas go ndéanfar an t-éileamh ar na seirbhísí sin a dhíspreagadh. Bunaítear léi freisin oifig chomhordaitheoir frithgháinneála na hEorpa;
- Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 lena mbunaítear an tOrdú Cosanta Eorpach a bhfuil sé mar aidhm leis duine a chosaint ‘ar ghníomh coiriúil a dhéanann duine eile a d’fhéadfadh saol, sláine fisiciúil nó síceolaíoch, dínit, saoirse phearsanta nó sláine gnéis an duine sin a chur i mbaol’ agus lena féidir le húdaráis inniúla i mBallstát eile leanúint de bheith ag cosaint an duine i gcríoch an Bhallstáit eile sin. Comhlánaítear an treoir sin le Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair sibhialta, lena n-áirítear go ndéantar bearta cosanta sibhialta a aithint ar fud AE;
- Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle.

**B. An dul chun cinn trí chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE)**

Tá ról tábhachtach ag CBE i gcur chun cinn an chomhionannais idir fir agus mná. Is iad seo a leanas na breithiúnais is suntasaí:

- Breithiúnas Defrenne II an 8 Aibreán 1976 (Cás 43/75): d’aithin an Chúirt go raibh éifeacht dhíreach ag prionsabal an phá chomhionainn d’fhir agus do mhná agus rialaigh sí nach é amháin go bhfuil feidhm ag an bprionsabal sin le gníomhaíocht na n-údarás poiblí ach go bhfuil an prionsabal sin i gceist freisin leis na comhaontuithe uile atá beartaithe chun saothar ar fócaíocht a rialáil i gcomhar;
- Breithiúnas Bilka an 13 Bealtaine 1986 (Cás C-170/84): rialaigh an Chúirt gur ‘idirdhealú indíreach’ a bhí i mbeart lena ndearnadh fostaithe páirtaimseartha a eisiáimh ó scéim pinsin ceirde agus dá bhrí sin go raibh sé contrártha do shean-Airteagal 119 de Chonradh CEE má rinne sé difear do líon i bhfad níos mó ban ná fir, mura rud é go bhféadfaí a léiriú go raibh an t-eisiáimh bunaithe ar thosca a raibh bonn cirt oibiachtúil leo nach raibh gaolmhar le haon idirdhealú ar fhorais inscne;



- Breithiúnas Barber an 17 Bealtaine 1990 (Cás C-262/88): chinn an Chúirt gurbh ionann gach cineál pinsin ceirde agus pá chun críocha Airteagal 119 agus dá bhrí sin go raibh feidhm ag prionsabal na córa comhionainne maidir leo. Rialaigh an Chúirt gur cheart go mbeadh fir in ann a gcearta pinsin nó a gcearta pinsin marthanóra a fheidhmiú ag an am céanna lena gcomhghleacaithe ar mná iad;
- Breithiúnas Marschall an 11 Samhain 1997 (Cás C-409/95): i dtaca le riail náisiúnta lena ceanglaíodh i gcás ina mbeadh níos lú ban ná fir in earnáil go ndéanfaí tosaíocht d'ardú céime a thabhairt d'iarrthóirí baineanna ('idirdhealú dearfach'), dhearbhaigh an Chúirt nach bhféadfadh an riail sin reachtaíocht an Chomhphobail a chur ó chumas, ar choinníoll nach raibh an buntáiste a bhain leis á fheidhmiú go huathoibríoch agus go raibh ráthaíocht ag iarrthóirí fireanna go ndéanfaí a n-iarratas a bhreithniú agus nach mbeidís eisiata *a priori* ó iarratas a dhéanamh;
- Breithiúnas Test-Achats an 1 Márta 2011 (Cás C-236/09): dhearbhaigh an Chúirt go raibh Airteagal 5(2) de Threoir 2004/113/CE ón gComhairle neamhbhailí mar go raibh sé contrártha do prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná a mhéid a bhain le rochtain agus soláthar earraí agus seirbhísí. Dá bhrí sin, ní mór an córas céanna ríomha achtúirigh a chur i bhfeidhm maidir le fir agus mná chun préimheanna agus sochair a chinneadh chun críocha árachais.
- Breithiúnas Korwin-Mikke an 31 Bealtaine 2018 (Cás T-770/16 agus T-352/17): rialaigh an Chúirt i bhfabhar neamhniú na bpionós arna bhforchur ag an bParlaimint ar [Janusz Korwin-Mikke](#), Feisire as an bPolainn atá i bhfad amach ar an eite dheis, de bharr sraith ráiteas conspóideach a rinne sé le linn seisiún iomlánach. Sa rialú a tugadh uaidi, dhearbhaigh an Chúirt, cé gur ceart bunúsach is gá a chosaint í an tsaoirse tuairimí a nochtadh, faoi Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte ní fhéadfadh an Pharlaimint pionós a ghearradh ar Fheisirí Eorpacha ach amháin sa chás ina ndéanfaidh a gcuid ráiteas 'an bonn a bhaint óna nósanna imeachta nó an tsochaí a chur i mbaol tromchúiseach, amhail gríosú chun fuatha nó chun fuatha chiníoch'. Dá bhrí sin, leasaíodh na Rialacha Nós Imeachta dá réir sin. Rinne an Biúró an Cód Iompair Iomchuí do na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i bhFeidhmiú a nDualgas a ghlacadh an 2 Iúil 2018 mar iarscríbhinn leis na Rialacha Nós Imeachta nua.

### C. Na forbairtí is déanaí

Tugtar anseo thíos forléargas ar an ngníomhaíocht is déanaí atá déanta ag AE i réimse an chomhionannais idir fir agus mná.

1. An Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI 2014-2020) agus an Clár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht. Leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI 2014-2020), tugtar aghaidh ar shaincheist an chomhionannais idir mná agus fir tríd an gClár um Cheartas agus tríd an gClár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht.

Tá an ranníocaíocht uasta ón Aontas do chur chun feidhme an Chláir um Cheartas don bhliain 2020 socraithe ag EUR 45 603 000, agus déanfar é a mhaoiniú ó na leithreasuithe a iontrálfar sna línte seo a leanas de bhuiséad ginearálta an Aontais:

(a) líne buiséid 33 03 02: EUR 8 861 000,



(b) líne buiséid 33 03 01: EUR 33 743 000,

(c) líne buiséid 18 06 01: EUR 2 999 000.

Tá an ranníocaíocht uasta ón Aontas do chur chun feidhme an Chláir um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht Cheartas don bhliain 2020 socraithe ag EUR 66 713 000, agus déanfar é a mhaoiniú ó na leithreasuithe a iontrálfar sna línte seo a leanas de bhuiséad ginearálta an Aontais:

(a) líne buiséid 33 02 01: EUR 27 960 000,

(b) líne buiséid 33 02 02: EUR 38 753 000,

I staidéar a foilsíodh i bhfómhar 2016, arna iarraidh sin don Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM) i bParlaimint na hEorpa, tugtar forléargas ar an méid de bhuiséad AE a caitheadh ar chomhionannas inscne i mBallstáit áirithe<sup>[3]</sup>.

## 2. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

I mí na Nollag 2006, bhunaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an [Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne](#), atá lonnaithe i Vilnias na Liotuáine, agus a bhfuil sé mar chuspóir foriomlán aici rannchuidiú le comhionannas inscne a chur chun cinn agus a spreagadh, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i mbeartais uile AE agus sna beartais náisiúnta. Gníomhaíonn an Institiúid sin freisin chun idirdhealú bunaithe ar ghnéas a chomhrac agus feacht a mhúscailt i dtaca le comhionannas inscne trí chúnamh teicniúil a thabhairt do na hinstiúidí Eorpacha trí bhíthin sonraí agus uirlisí modheolaíochta a anailísiú agus a scaipeadh (féach Lárionad Acmhainní agus Doiciméadachta ar líne IEI: <http://eige.europa.eu/content/rdc>).

## 3. EIGE ina chathaoirleach ar líonra gníomhaireachtaí Cheartas agus Ghnóthaí Baile AE (CGB)

In 2018, bhí EIGE ina chathaoirleach ar líonra gníomhaireachtaí Cheartas agus Ghnóthaí Baile AE (CGB). Bunaíodh an líonra in 2006 agus tá naoi ngníomhaireacht AE ann a oibríonn ar réimse saincheisteanna ceartais agus slándála, amhail imirce agus bainistiú teorainneacha, an comhrac i gcoinne gáinneáil ar dhruaí, coireacht eagraithe agus gáinneáil ar dhaoine, cearta daonna agus cearta bunúsacha, agus comhionannas inscne. I rith 2018, scrúdaigh an líonra tionchar an digitithe ar réimsí gnímh na ngníomhaireachtaí faoi seach, agus aird ar leith tugtha ar na bealaí difriúla ina n-imríonn teicneolaíocht tionchar ar mhná agus fir óga. Léiríonn an taighde sin an chaoi ar féidir le gníomhaireachtaí rioscaí a mhaolú, slándáil a chinntiú, agus comhionannas a chothú san Eoraip. Cuireadh tuarascáil agus torthaí críochnaitheacha an líonra don bhliain 2018 i láthair ag cruinniú Choiste FEMM i mí an Mhárta 2019 agus tá siad ar fáil ar líne (<https://eige.europa.eu/publications/eu-justice-and-home-affairs-agencies-cooperation-2018-final-report>).

[3][http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2016/571393/IPOL\\_STU\(2016\)571393\\_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2016/571393/IPOL_STU(2016)571393_EN.pdf)



#### 4. Cairt na mBan agus an Rannpháirtíocht Straitéiseach le haghaidh Comhionannas Inscne 2016-2019

An 5 Márta 2010, ghlac an Coimisiún Cairt na mBan d'fhonn feabhas a chur ar chur chun cinn an chomhionannais idir mná agus fir san Eoraip agus ar fud an domhain<sup>[4]</sup>.

I mí na Nollag 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún '[Rannpháirtíocht Straitéiseach don Chomhionannas Inscne 2016-2019](#)'<sup>[5]</sup> mar ghníomh iardain agus fadaithe ar an Straitéis um Chomhionannas idir Fir agus Mná (2010-2015) ón gCoimisiún<sup>[6]</sup>.

Sa Rannpháirtíocht Straitéiseach, díritear ar na cúig réimse tosaíochta seo a leanas:

- [Rannpháirteachas na mban sa mhargadh saothair agus neamhspleáchas eacnamaíochta comhionann a mhéadú](#);
- [An bhearna inscne a laghdú sa phá agus i bpinsin, agus ar an gcaoi sin an bhochtaineacht i measc na mban a chomhrac](#);
- [Comhionannas idir mná agus fir sa chinnteoireacht a chur chun cinn](#);
- [Foréigean ar bhonn inscne a chomhrac agus cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh](#);
- [Comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn ar fud an domhain](#).

#### 5. Plean Gníomhaíochta Inscne 2016-2020

An 26 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle 'Plean Gníomhaíochta 2016-2020'<sup>[7]</sup>, a bhí bunaithe ar Dhoiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) maidir le 'Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020'<sup>[8]</sup>. Sa Phlean Gníomhaíochta Inscne nua sin, cuirtear béim ar an '[n]gá atá le fíorú iomlán chearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha ag mná agus cailíní ar bhonn cothrom, mar aon le baint amach comhionannais inscne agus cumhachtaithe ag mná agus cailíní'.

#### 6. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

An 25 Meán Fómhair 2015, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an rún maidir leis an gclár oibre forbartha i ndiaidh 2015 dar teideal 'An domhan a chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe'<sup>[9]</sup>. Áirítear 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIInna) mar aon le 169 sprioc i gClár Oibre 2030, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016. Tá na SFIInna bunaithe ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise

[4]<http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=URISERV:em0033>

[5]Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Rannpháirtíocht straitéiseach le haghaidh comhionannas inscne 2016-2019 (SWD(2015) 0278).

[6]Cuireadh tús leis an machnamh ar an gcéad straitéis eile i mí Mheán Fómhair 2014 le ceardlann dar teideal 'Straitéis Nua le haghaidh Comhionannas Inscne i ndiaidh 2015', lenar seoladh ullmhú an tuarascála féintionscnaimh ó Choiste FEMM as ar lean glacadh an rúin ón bParlaimint an 9 Meitheamh 2015 ar Straitéis AE le haghaidh comhionannas idir mná agus fir i ndiaidh 2015 (IO C 407, 4.11.2016, Ich. 2). Tá ábhair na ceardlainne ar fáil ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte.

[7]Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Inscne 2016-2020, 26 Deireadh Fómhair 2015.

[8]21.9.2015, SWD(2015) 0182.

[9]Rún 70/1 arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015.



(SFManna). I gcodarsnacht leis na SFManna, áfach, a bhí beartaithe le haghaidh gníomhaíochta i dtíortha i mbéal forbartha amháin, tá feidhm ag na SFIanna maidir leis na tíortha go léir. Tá cúig sprioc in SFI 5: ‘Comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus cailíní uile a chumhachtú’.

7. Aontachas AE le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl)

Is é Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), a tháinig i bhfeidhm in 2014, an chéad ionstraim idirnáisiúnta, a bhfuil ceangal dlí leis, atá dírithe ar fhoréigean in aghaidh na mban agus in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac ar an leibhéal idirnáisiúnta. Leagtar síos leis creat cuimsitheach de bhearta dlí agus beartais ar mhaithe leis an bhforéigean sin a chosc, chun tacú le híospartaigh agus chun na daoine atá ciontach a phionósú. Faoi mhí na Samhna 2017, bhí sé sínithe ag gach ceann de Bhallstáit an Aontais agus, faoi mhí Feabhra 2020, bhí sé daingnithe ag 21 díobh (an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn). Foráiltear freisin sa Choinbhinsiún d’aontachas AE i réimsí a chuid inniúlachtaí.

I mí Dheireadh Fómhair 2015, d’fhoilsigh an Coimisiún treochlár maidir le haontachas féideartha AE le Coinbhinsiún Iostanbúl, agus ina dhiaidh sin i mí an Mhárta 2016 d’fhoilsigh sé dhá thogra le haghaidh cinntí ón gComhairle, ceann amháin maidir le síniú Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Aontas Eorpach agus an ceann eile maidir le haontachas AE leis an gCoinbhinsiún a thabhairt chun críche (i.e. daingniú).

Tar éis an tsaincheist a phlé, chinn an Chomhairle gur cheart an dréachtchinneadh maidir le síniú an Choinbhinsiúin a roinnt ina dhá chinneadh ar leith, ceann amháin a chumhdódh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus an ceann eile a chumhdódh tearmann agus non-refoulement. Glacadh an dá chinneadh sin ón gComhairle i mí na Bealtaine 2017, agus ansin rinne an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, um Thomhaltóirí agus um Chomhionannas Inscne, Věra Jourová, Coinbhinsiún Iostanbúl a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh an 13 Meitheamh 2017.

Is é an síniú an chéad chéim i bpróiseas aontachais an AE leis an gCoinbhinsiún. Chun go dtarlóidh aontachas leis an gCoinbhinsiún, caithfear cinntí ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an phróisis a ghlacadh. Sa Chomhairle, pléitear tograí reachtacha sa réimse seo sa Mheitheal um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine (FREMP, comhad idirinstiúideach [2016/0063 \(NLE\)](https://www.europarl.europa.eu/factsheets/ga/2016/0063/nle)). Sa phlé atá ar siúl inti faoi láthair, táthar ag díriú ar Chód Iompair lena saineofar an chaoi a gcomhoibreoidh an tAontas agus a chuid Ballstát chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme.

Beidh toiliú ón bParlaimint ag teastáil chun an próiseas aontachais leis an gCoinbhinsiún a thabhairt i gcrích.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá ról suntasach glactha ag an bParlaimint maidir le tacú le beartais um chomhdheiseanna, go háirithe tríd an gCoiste um Chearta na mBan agus um



Chomhionannas Inscne (FEMM) sa Pharlaimint. Maidir le cóir chomhionann sa margadh saothair, gníomhaíonn an Pharlaimint ar bhonn an ghnáthnós imeachta reachtaigh (comhchinnteoireacht). I measc na samplaí de sin tá:

- An togra le haghaidh treoir maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar chuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin agus bearta gaolmhara ([COM\(2012\) 0614](#)). Féach seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh, a glacadh ag deireadh 2013<sup>[10]</sup>.
- An t-athbhreithniú ar Threoir 92/85/CEE (féach thuas). Ar an gcéad léamh<sup>[11]</sup>, mhol an Pharlaimint tréimhse níos faide saoire máithreachais láníoctha – 20 seachtain<sup>[12]</sup>. Ós rud é nach raibh an Pharlaimint agus an Chomhairle in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an togra ón gCoimisiún, tá an Coimisiún tar éis é a tharraingt siar anois, agus tá curtha ina ionad treochlár don tionscnamh dar teideal ‘tús nua chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn roimh theaghlaigh atá ag obair maidir le cothromaíocht oibre is saoil’<sup>[13]</sup>.

Sa bhreis air sin, rannchuidíonn an Pharlaimint le forbairt ghinearálta an bheartais i réimse an chomhionannais inscne trína tuarascálacha féintionscnaimh agus trí aird na n-institiúidí eile a tharraingt ar shaincheisteanna ar leith, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Foréigean i gcoinne na mban a chomhrac: Ghlac an Pharlaimint tuarascáil féintionscnaimh reachtach<sup>[14]</sup>, agus iarrtar inti ar an gCoimisiún tionscnamh reachtach a mholadh ar bhonn Airteagal 84 CFAE lena gcuirtear gníomhaíocht na mBallstát chun cinn agus lena dtacaítear léi i réimse an fhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc (VAWG). Áiríodh roinnt moltaí sa rún sin, agus tá meitheal speisialta curtha ar bun ag Coiste na mBan chun obair leantach a dhéanamh ar an rún sin;
- Le Lá Idirnáisiúnta na mBan 2019, díriodh ar chumhacht na mban sa pholaitíocht. Tá an t-ábhar sin a roghnaíodh lárnach do chearta na mban mar go mbaineann sé le rannpháirtíocht na mban i rialachas comhchoiteann ár sochaithe. In imeacht ama, cuireadh taca leis an bprionsabal sin, agus lena chur chun feidhme san Aontas, a bhuíochas le reachtaíocht, cásdlí agus athruithe ar na Conarthaí. Bhí an Pharlaimint riamh ina cosantóir ar chomhionannas inscne, agus leagann an t-

---

[10]Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Samhain 2013 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin agus bearta gaolmhara (IO C 436, 24.11.2016, lch. 225).

[11]Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2010 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/85/CEE ón gComhairle maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibríthe toircheasacha agus oibríthe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche (OJ C 70E, 8.3.2012, lch. 162).

[12]Chun anailís chomparáideach ar na forálacha dlí sna Ballstáit a fháil, féach an tuarascáil ón Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla i bParlaimint na hEorpa, dar teideal ‘Saoire mháithreachais, atharthachta agus thuismitheoireachta: sonraí a bhaineann le ré agus rátaí cúitimh san Aontas Eorpach’, a foilsíodh in 2015 agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Parlaimint na hEorpa.

[13][http://ec.europa.eu/smart-regulation/roadmaps/docs/2015\\_just\\_012\\_new\\_initiative\\_replacing\\_maternity\\_leave\\_directive\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/smart-regulation/roadmaps/docs/2015_just_012_new_initiative_replacing_maternity_leave_directive_en.pdf)

[14]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Feabhra 2014 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le foréigean in aghaidh na mban a chomhrac (IO C 285, 29.8.2017, lch. 2).





imeacht seo béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht, go háirithe ar an leibhéal Eorpach;

- Moladh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle maidir le tosaíochtaí AE don 62ú seisiún de Choimisiún NA ar Stádas na mBan (CSW), inar iarradh cumhachtú do mhná na tuaithe agus rochtain do mhná ar na meáin agus ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus an tionchar atá ag na teicneolaíochtaí sin, agus úsáid na dteicneolaíochtaí sin, mar uirlis chun dul chun cinn a bhaint amach do mhná<sup>[15]</sup>. D'fhreastail toscaireacht ó Choiste na mBan ar CSW NA i mí an Mhárta 2018.

Tá príomhshruthú inscne á chur chun feidhme ag an bParlaimint freisin in obair a cuid coistí go léir<sup>[16]</sup>. Chuige sin, tá dhá líonra ar phríomhshruthú inscne bunaithe, agus Coiste na mBan á gcomhordú. I líonra na gCathaoirleach agus na Leas-Chathaoirleach um Príomhshruthú Inscne, tugtar le chéile Feisirí Eorpacha a thacaíonn le gné inscne a chuimsiú san obair a dhéanann a gcuid coistí. Faigheann siad tacaíocht ó líonra riarthóirí príomhshruthaithe inscne atá i rúnaíocht gach coiste. Maidir leis an nGrúpa Ardleibhéil um Chomhionannas Inscne, déanann sé oiliúint agus múscailt feasachta i dtaobh príomhshruthú inscne a chur chun cinn i measc fhoireann na Parlaiminte agus i measc na ngrúpaí polaitiúla.

Martina Schonard  
12/2019

---

[15]Moladh ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Márta 2018 chuig an gComhairle maidir le tosaíochtaí AE don 62ú seisiún de Choimisiún NA ar Stádas na mBan (O C 129, 5.4.2019, lch. 58).

[16]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2003 maidir le príomhshruthú inscne i bParlaimint na hEorpa (IO C 61E, 10.3.2004, lch. 384).

